2026/2210

6.10.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2210 ÓN gCOIMISIÚN

an 5 Deireadh Fómhair 2026

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 79/2012 a mhéid a bhaineann le sonraí staidrimh atá le cur in iúl ag na Ballstáit don Choimisiún

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2010 maidir le comhar riaracháin agus comhrac na calaoise i réimse na cánach breisluacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 49(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 79/2012 ón gCoimisiún ([2]) leagtar amach liosta na sonraí staidrimh atá le cur in iúl ag na Ballstáit don Choimisiún chun meastóireacht a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 904/2010.

(2) Le Rialachán (AE) Uimh. 904/2010, arna leasú le Rialachán (AE) 2020/283 ón gComhairle ([3]), leagadh síos an Lárchóras Leictreonach Faisnéise Íocaíochta (CESOP), ar córas leictreonach nua é le haghaidh comhar riaracháin agus an chomhraic in aghaidh na calaoise i réimse CBL. Dá bhrí sin, is gá Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 79/2012 a leasú a mhéid a bhaineann leis na sonraí staidrimh is gá chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú CESOP.

(3) Ina theannta sin, le Treoir (AE) 2020/285 ón gComhairle ([4]) leasaíodh Treoir 2006/112/CE ón gComhairle ([5]) maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a mhéid a bhaineann leis an scéim speisialta d'fhiontair bheaga agus Rialachán (AE)Uimh. 904/2010 chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart na scéime speisialta CBL d'fhiontair bheaga. Chun gur féidir faireachán éifeachtach a dhéanamh ar fheidhmiú na scéime speisialta le haghaidh fiontair bheaga, ba cheart Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 79/2012 a leasú freisin chun sonraí staidrimh maidir leis an scéim speisialta le haghaidh fiontair bheaga a áireamh.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 79/2012 a leasú dá réir sin.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Chomhar Riaracháin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 79/2012 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([1]) IO L 268, 12.10.2010, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/904/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 79/2012 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2012 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 ón gComhairle maidir le comhar riaracháin agus maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise i réimse na cánach breisluacha (IO L 029 1.2.2012, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2012/79/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2020/283 ón gComhairle an 18 Feabhra 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 maidir le bearta chun comhar riaracháin a neartú ar mhaithe le calaois CBL a chomhrac (IO L 62, 2.3.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/283/oj).

([4]) Treoir (AE) 2020/285 ón gComhairle an 18 Feabhra 2020 lena leasaítear Treoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a mhéid a bhaineann leis an scéim speisialta d'fhiontair bheaga agus Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann leis an gcomhar riaracháin agus leis an malartú faisnéise chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ceart na scéime speisialta d'fhiontair bheaga (IO L 62, 2.3.2020, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2020/285/oj).

([5]) Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/112/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 79/2012, cuirtear na codanna E agus F seo a leanas isteach:

'**Cuid E — Lárchóras leictreonach faisnéise íocaíochta (CESOP):**

1. *Faisnéis faoin líon íocaithe ar measadh iad a bheith amhrasach in aghaidh an Bhallstáit*

Ballstát	An líon íocaithe ar measadh iad a bheith amhrasach in CESOP
AT	
BE	
BG	
CY	
CZ	
DE	
DK	
EE	
ES	
EL	
FI	
FR	
HR	
HU	
IE	
IT	
LU	
LV	
LT	
MT	
NL	
PL	
PT	
RO	
SE	
SI	
SK	

2. *An líon íocaithe a mheas Eurofisc arís agus arís eile a bheith ina n-ábhair amhrasacha agus atá tuairiscithe i gCeist 1*
   a. 2-5 Bhallstát
   b. 6-10 mBallstát
   c. 11-20 Ballstát
   d. 21-27 mBallstát

3. *An líon gníomhaíochtaí leantacha bunaithe ar anailís CESOP*

An líon iomlán gníomhaíochtaí leantacha a tionscnaíodh:

4. *Neamhchomhlíonadh CBL a bhrath bunaithe ar anailís CESOP*

An Ballstát inar rialaíodh cásanna neamhchomhlíontachta CBL	Luach iomlán (in euro) an chaillteanais CBL mheasta
AT	
BE	
BG	
CY	
CZ	
DE	
DK	
EE	
ES	
EL	
FI	
FR	
HR	
HU	
IE	
IT	
LU	
LV	
LT	
MT	
NL	
PL	
PT	
RO	
SE	
SI	
SK	

5. *Líon iomlán na Soláthraithe Seirbhísí Íocaíochta a thuairiscíonn sonraí íocaíochta in aghaidh an Bhallstáit do CESOP*

Ballstát	Líon iomlán na Soláthraithe Seirbhísí Íocaíochta a thuairiscíonn sonraí
AT	
BE	
BG	

Ballstát	Líon iomlán na Soláthraithe Seirbhísí Íocaíochta a thuairiscíonn sonraí
CY	
CZ	
DE	
DK	
EE	
ES	
EL	
FI	
FR	
HR	
HU	
IE	
IT	
LU	
LV	
LT	
MT	
NL	
PL	
PT	
RO	
SE	
SI	
SK	

6. *Staidreamh faoi úsáideoirí*

Ballstát	An líon úsáideoirí gníomhacha CESOP
AT	
BE	
BG	
CY	
CZ	
DE	
DK	
EE	
ES	
EL	
FI	

Ballstát	An líon úsáideoirí gníomhacha CESOP
FR	
HR	
HU	
IE	
IT	
LU	
LV	
LT	
MT	
NL	
PL	
PT	
RO	
SE	
SI	
SK	

Cuid F – Staidreamh maidir leis an scéim speisialta le haghaidh fiontair bheaga:

Sonraí atá le soláthar mar 'Bhallstát bunaíochta'

1. *Sonraí clárúcháin*

1.1. An líon iomlán fiontar beag atá cláraithe le haghaidh na díolúine trasteorann an 31 Nollaig den bhliain féilire ábhartha.

1.2. An líon iomlán fiontar beag, an 31 Nollaig den bhliain féilire ábhartha, a chláraigh le haghaidh na díolúine trasteorann le linn na bliana féilire sin, bunaithe ar dháta tosaithe na díolúine sin.

1.3. An líon iomlán fiontar beag atá cláraithe le haghaidh na díolúine trasteorann agus le haghaidh scéim Ionad Ilfhreastail an Aontais araon an 31 Nollaig den bhliain féilire ábhartha.

1.4. An líon iomlán fiontar beag atá cláraithe le haghaidh na díolúine trasteorann an 31 Nollaig den bhliain féilire ábhartha atá ag baint leas as an díolúine:

a. sa Bhallstát bunaíochta agus i mBallstát nó i mBallstáit eile a dheonaíonn díolúine ina mbaintear úsáid aisti araon.

b. i mBallstát nó i mBallstáit eile a dheonaíonn díolúine, agus sa Bhallstát sin nó sna Ballstáit sin amháin, ach ní sa Bhallstát bunaíochta.

1.5. An líon iomlán fiontar beag atá cláraithe le haghaidh na díolúine trasteorann an 31 Nollaig den bhliain féilire ábhartha atá ag baint leas as an díolúine:

a. I suas le trí Bhallstát a dheonaíonn díolúine (gan an Ballstát bunaíochta a áireamh).

b. I gceithre cinn agus níos mó de na Ballstáit a dheonaíonn díolúine (gan an Ballstát bunaíochta a áireamh).

Tabhair faoi deara: Sonraítear na sonraí i bhformáid uimhriúil, gan deachúlacha, gan deighilteoirí, mar shampla 12345; i gcás luachanna nialais bain úsáid as 0.

An líon iomlán fiontar beag atá cláraithe le haghaidh na díolúine trasteorann an 31 Nollaig den bhliain féilire ábhartha	An líon iomlán fiontar beag, an 31 Nollaig den bhliain féilire ábhartha, a chláraigh le haghaidh na díolúine trasteorann le linn na bliana féilire sin, bunaithe ar dháta tosaithe na díolúine sin	An líon iomlán fiontar beag atá cláraithe le haghaidh na díolúine trasteorann agus le haghaidh scéim Ionad Ilfhreastail an Aontais araon an 31 Nollaig den bhliain féilire ábhartha	An líon iomlán fiontar beag atá cláraithe le haghaidh na díolúine trasteorann an 31 Nollaig den bhliain féilire ábhartha atá ag baint leas as an díolúine:		An líon iomlán fiontar beag atá cláraithe le haghaidh na díolúine trasteorann an 31 Nollaig den bhliain féilire ábhartha atá ag baint leas as an díolúine:	
			Sa Bhallstát bunaíochta agus i mBallstát nó i mBallstáit eile a dheonaíonn díolúine ina mbaintear úsáid aisti araon	I mBallstát nó i mBallstáit eile a dheonaíonn díolúine, agus sa Bhallstát sin nó sna Ballstáit sin amháin, ach ní sa Bhallstát bunaíochta.	Suas le trí Bhallstát a dheonaíonn díolúine (gan an Ballstát bunaíochta a áireamh)	Ceithre cinn agus níos mó de na Ballstáit a dheonaíonn díolúine (gan an Ballstát bunaíochta a áireamh)

2. *Sonraí atá le tuairisciú*

2.1. Luach iomlán (in euro) na soláthairtí a rinne na fiontair bheaga atá cláraithe le haghaidh na díolúine trasteorann sa Bhallstát bunaíochta le linn na bliana féilire ábhartha mar a tuairiscíodh sna ráithí féilire R1 go R4 nó '0' má tuairiscíodh nach ndearnadh aon soláthar.

2.2. Luach iomlán (in euro) na soláthairtí a rinne na fiontair bheaga atá cláraithe le haghaidh na díolúine trasteorann sa Bhallstát nó sna Ballstáit eile ina mbaineann na fiontair bheaga leas as an díolúine, arna mhiondealú de réir an Bhallstáit díolúine, le linn na bliana féilire ábhartha mar a thuairiscítear sna ráithí féilire R1 go R4 nó '0' má tuairiscíodh nach ndearnadh aon soláthar.

2.3. An líon iomlán fiontar beag atá cláraithe le haghaidh na díolúine trasteorann an 31 Nollaig den bhliain féilire ábhartha arb é a láimhdeachas bliantúil Aontais:

a. Níos lú ná EUR 35 000 nó cothrom leis

b. Níos mó ná EUR 35 000.

Tabhair faoi deara: Sonraítear na sonraí i bhformáid uimhriúil, arna slánú go dtí an euro is gaire gan deachúlacha, gan deighilteoirí, mar shampla 12345; i gcás luachanna nialais bain úsáid as 0.

Ballstát bunaíochta	Luach iomlán (in euro) na soláthairtí a rinne na fiontair bheaga atá cláraithe le haghaidh na díolúine trasteorann sa Bhallstát bunaíochta le linn na bliana féilire ábhartha mar a tuairiscíodh sna ráithí féilire R1 go R4

Tabhair faoi deara: Sonraítear na sonraí i bhformáid uimhriúil, arna slánú go dtí an euro is gaire gan deachúlacha, gan deighilteoirí, mar shampla 12345; i gcás luachanna nialais bain úsáid as 0. Mar Bhallstát bunaíochta, ní sholáthraíonn an Ballstát tuairiscithe sonraí dó féin sa tábla seo.

Ballstát nó Ballstáit eile ina mbaineann na fiontair bheaga leas as an díolúine	Luach iomlán (in euro) na soláthairtí a rinne na fiontair bheaga atá cláraithe le haghaidh na díolúine trasteorann sa Bhallstát nó sna Ballstáit eile ina mbaineann na fiontair bheaga leas as an díolúine, arna mhiondealú de réir an Bhallstáit díolúine, le linn na bliana féilire ábhartha mar a thuairiscítear sna ráithí féilire R1 go R4
AT	
BE	
BG	
CY	
CZ	
DE	
DK	
EE	
EL	
ES	
FI	
FR	
HR	
HU	
IE	
IT	

Ballstát nó Ballstáit eile ina mbaineann na fiontair bheaga leas as an díolúine	Luach iomlán (in euro) na soláthairtí a rinne na fiontair bheaga atá cláraithe le haghaidh na díolúine trasteorann sa Bhallstát nó sna Ballstáit eile ina mbaineann na fiontair bheaga leas as an díolúine, arna mhiondealú de réir an Bhallstáit díolúine, le linn na bliana féilire ábhartha mar a thuairiscítear sna ráithí féilire R1 go R4
LT	
LU	
LV	
MT	
NL	
PL	
PT	
RO	
SE	
SI	
SK	
Iomlán	

Tabhair faoi deara: Sonraítear na sonraí i bhformáid uimhriúil, arna slánú go dtí an euro is gaire gan deachúlacha, gan deighilteoirí, mar shampla 12345; i gcás luachanna nialais bain úsáid as 0.

An líon iomlán fiontar beag atá cláraithe le haghaidh na díolúine trasteorann an 31 Nollaig den bhliain féilire ábhartha arb é a láimhdeachas bliantúil Aontais:	
Níos lú ná EUR 35 000 nó cothrom leis	Níos mó ná EUR 35 000

3. *Sonraí dighníomhachtaithe*

3.1. An líon iomlán fiontar beag atá cláraithe le haghaidh na díolúine trasteorann agus a ndearnadh a n-uimhreacha aitheantais aonair EX a dhíghníomhachtú le linn na bliana féilire ábhartha, bunaithe ar an dáta éifeachtach eisiamh/scoir.

3.2. An líon iomlán fiontar beag atá cláraithe le haghaidh na díolúine trasteorann ar mhó a láimhdeachas bliantúil Aontais ná EUR 100 000 agus a ndearnadh a n-uimhreacha aitheantais aonair EX a dhíghníomhachtú le linn na bliana féilire ábhartha, bunaithe ar an dáta éifeachtach eisiaimh (Airteagal 284e, pointe (a) de Threoir 2006/112/CE).

3.3. An líon iomlán fiontar beag a scoir de bheith incháilithe don díolúine thrasteorann in aon Bhallstát a dheonaíonn an díolúine agus a ndearnadh a n-uimhreacha aitheantais aonair EX a dhíghníomhachtú le linn na bliana féilire ábhartha, bunaithe ar an dáta éifeachtach eisiaimh/scoir (Airteagal 284e, pointe (b), de Threoir 2006/112/CE).

3.4. An líon iomlán fiontar beag a chuir in iúl gur chinn siad scor go deonach den díolúine thrasteorann a chur i bhfeidhm agus a ndearnadh a n-uimhreacha aitheantais aonair EX a dhíghníomhachtú le linn na bliana féilire ábhartha, bunaithe ar an dáta éifeachtach scoir (Airteagal 284e, pointe (c) de Threoir 2006/112/CE).

3.5. An líon iomlán fiontar beag a chuir in iúl gur scoireadh a ngníomhaíochtaí, nó ar féidir glacadh leis ar shlí eile gur scoireadh a ngníomhaíochtaí, agus a ndearnadh a n-uimhreacha aitheantais aonair EX a dhíghníomhachtú le linn na bliana féilire ábhartha, bunaithe ar an dáta éifeachtach eisiaimh/scoir (Airteagal 284e, pointe (d) de Threoir 2006/112/CE).

Tabhair faoi deara: Sonraítear na sonraí i bhformáid uimhriúil, gan deachúlacha, gan deighilteoirí, mar shampla 12345; i gcás luachanna nialais bain úsáid as 0.

An líon iomlán fiontar beag atá cláraithe le haghaidh na díolúine trasteorann agus a ndearnadh a n-uimhreacha aitheantais aonair EX a dhíghníomhachtú le linn na bliana féilire ábhartha, bunaithe ar an dáta éifeachtach eisiaimh/scoir	An líon iomlán fiontar beag atá cláraithe le haghaidh na díolúine trasteorann ar mhó a láimhdeachas bliantúil Aontais ná EUR 100 000 agus a ndearnadh a n-uimhreacha aitheantais aonair EX a dhíghníomhachtú le linn na bliana féilire ábhartha, bunaithe ar an dáta éifeachtach eisiaimh (Airteagal 284e, pointe (a) de Threoir 2006/112/CE)	An líon iomlán fiontar beag a scoir de bheith incháilithe don díolúine thrasteorann in aon Bhallstát a dheonaíonn an díolúine agus a ndearnadh a n-uimhreacha aitheantais aonair EX a dhíghníomhachtú le linn na bliana féilire ábhartha, bunaithe ar an dáta éifeachtach eisiaimh/scoir (Airteagal 284e, pointe (b), de Threoir 2006/112/CE)	An líon iomlán fiontar beag a chuir in iúl gur chinn siad scor go deonach den díolúine thrasteorann a chur i bhfeidhm agus a ndearnadh a n-uimhreacha aitheantais aonair EX a dhíghníomhachtú le linn na bliana féilire ábhartha, bunaithe ar an dáta éifeachtach scoir (Airteagal 284e, pointe (c) de Threoir 2006/112/CE)	An líon iomlán fiontar beag a chuir in iúl gur scoireadh a ngníomhaíochtaí, nó ar féidir glacadh leis ar shlí eile gur scoireadh a ngníomhaíochtaí, agus a ndearnadh a n-uimhreacha aitheantais aonair EX a dhíghníomhachtú le linn na bliana féilire ábhartha, bunaithe ar an dáta éifeachtach eisiaimh/scoir (Airteagal 284e, pointe (d) de Threoir 2006/112/CE)’